CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/1154 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Meitheamh 2023

lena gceaptar comhalta agus triúr comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Laitvia, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint do na tograí ó Rialtas na Laitvia,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh ar dhul in éag don sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Inga BĒRZIŅA a cheapadh.

(4) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh ar dhul in éag don sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Raimonds ČUDARS agus Māris SPRINDŽUKS a cheapadh.

(5) Tiocfaidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún chun bheith folamh tar éis cheapadh Māris ZUSTS ina chomhalta de Choiste na Réigiún.

(6) Mhol Rialtas na Laitvia Māris ZUSTS, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Deputāts, Saldus novada dome* (comhalta na Comhairle, Comhairle bhardasach Saldus), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

(7) Mhol Rialtas na Laitvia na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Karīna MIĶELSONE *Deputāte, Ādažu novada dome* (comhalta na Comhairle, comhairle bhardasach Ādaži), Vita PAULĀNE, *Deputāte, Ropažu novada dome* (comhalta na Comhairle, comhairle bhardasach, Ropaži),agus Aivars PRIEDOLS, *Deputāts, Dienvidkurzemes novada dome* (comhalta na Comhairle, comhairle bhardasach Dienvidkurzeme),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

— Māris ZUSTS, *Deputāts, Saldus novada dome* (comhalta na Comhairle, comhairle bhardasach Saldus),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Karīna MIĶELSONE, *Deputāte, Ādažu novada dome* (comhalta na Comhairle, comhairle bhardasach Ādaži),

— Vita PAULĀNE, *Deputāts, Saldus novada dome* (comhalta na Comhairle, comhairle bhardasach Ropaži),

— Aivars PRIEDOLS, *Deputāts, Dienvidkurzemes novada dome* (comhalta na Comhairle, comhairle bhardasach Dienvidkurzeme).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 8 Meitheamh 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. MALMER STENERGARD